2020

# OIFIG AN STIÚRTHÓRA UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director of Corporate Enforcement

## Le haghaidh eolas breise déan teagmháil le:

Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1

**Guthán:** +353 1 858 5800
**Íosghlao:** 1890 315 015
**Facs:** +353 1 858 5801

**Ríomhphoist:** info@odce.ie
**Suíomh Gréasán:** www.osfc.ie
**Twitter:** @odce

## Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear foinse an eolais.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil annso mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar Comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dliteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

**© Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2021**

---

Word Perfect Translations agus foireann an Stiúrthóra a d'aistrigh an Tuarascáil Bhliaintúil seo go Gaeilge

# Clár Ábhair


**RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA** 1

**Réamhrá** 2

Léargas ar an mbliain 2020 2

Ag breathnú ar aghaidh ar an mbliain 2021 agus ina dhiaidh 4

Forfheidhmiú Coiriúil 5

Athbhreithniú ar struchtúir frith-chalaoise agus frith-éillithe na hÉireann agus ar an bPlean Forfheidhmithe a bhaineann leo 6

An tÚdarás Forfheidhmithe Corparáideach (“UFC”) 7

Focail scoir 7

**2020 IN UIMHREACHA** 8

**CAIBIDIL 1: FORBHREATHNÚ AR OSFC** 10

**Sainordú reachtúil** 11

**Spriocanna ardleibhéil** 11

**Acmhainní, struchtúr eagrúcháin, socruithe rialachais agus príomhshruthanna oibre** 12

**CAIBIDIL 2: TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS DHUALGAIS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINEANN FAOI DHLÍ NA GCUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN** 15

**Réamhrá** 16

**Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana** 16

**Caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt** 17

**CAIBIDIL 3: GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORÁLACHA AGUS FORFHEIDHMIÚ** 20

**Struchtúr na Caibidle seo** 21

**CUID A: IONCHUIR** 21

IONCHUIR SHEACHTRACHA 21

Tuairiscí alt 682 na leachtaitheoirí 22

Leithdháileadh earnála d’ionchuir sheachtracha eile (is é sin ionchuir sheachtracha cé is moite de thuairiscí 682 na leachtaitheoirí) 25

Gearáin 26

Tuairiscí cionta indíotáilte iniúchóirí 26

Tuairiscí na scrúdaitheoirí 27

Tarchuir 27

Tuairiscí um chionta indíotáilte comhlachtaí gairmiúla 27

Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht a d’fhéadfadh a bheith ann 28

Nochtuithe faoi Acht na Nochtuithe Cosainte 2014 28

IONCHUIR INMHEÁNACH 28

Réamhrá 28

Gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chineálacha ar leith daoine 29

Imscrúduithe a tionscnaíodh ar a tionscnamh féin 29

Cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte 29

Gníomhartha a bhaineann le feidhmíochta/iompar leachtaitheora 30

Candam na n-ionchur inmheánach – 2020 30

**CUID B: TRÉCHUIR 30**

**CUID C: ASCHUIR 32**

Bearta forfheidhmithe a bhaineann le dócmhainneacht agus aschuir a eascraíonn as tuarascálacha leachtaitheora alt 682 agus scrúdú ar chuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte 32

Aschuir ón bpróiseas alt 682 32

Líon iomlán stiúrthóirí cuideachta srianta agus dícháilithe le linn 2020 33

Fíricí agus imthosca a mheas an Ard-Chúirt agus Orduithe Dícháiliúcháin á ndéanamh aici agus ag an OSFC agus Gealltanais Dícháiliúcháin á dtairiscint aici 34

Fíricí agus imthosca a mheasann an OSFC agus Gealltanais Srianta á dtairiscint acu 35

Bearta agus aschuir forfheidhmithe eile (nach mbaineann le dócmhainneacht) – 2020 37

Ceartú/feabhsú deonach a fháil 37

Comhlíonadh a chinntiú agus fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur ar aghaidh trí chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú 38

Cheadú/éascú comhlíonadh trí fheidhmiú fheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra Príomh-dlíthíocht shibhialta 38

Príomh-dlíthíocht shibhialta 38

Imeachtaí coiriúla 39

Atreoruithe chuig comhlachtaí gairmiúla agus rialála eile 40

**CAIBIDIL 4: SEIRBHÍS DEN SCOTH DO CHUSTAIMÉIRÍ A CHUR AR FÁIL DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA 41**

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara seachtracha 42

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha 44

Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus stádas na hOifige mar aonán earnála poiblí arna bhunú le reacht 44

**AGUISÍNÍ 47**

**Aguisín 1: Caiteachais arna chionroinnrt i gcoinne chionroinnt iarbhír 2018 – 2020 48**

**Aguisín 2: Láithreoireachtaí a d'fhuascail, taispeántais/imeachtaí ar ar fhreastail agus foilseacháin eisithe 49**

**Aguisín 3: Tuairisc faoi alt 22 d'Acht na Nochtuithe Cosainte 2014 50**

**Aguisín 4: Cásanna inar thug stiúrthóirí cuideachta Gealltanais Srianta nó ina ndearna an Ard-Chúirt Dearbhuithe Srianadh de bhun Acht na gCuideachtaí 2014 51**

**Aguisín 5: Cásanna inar thug stiúrthóirí cuideachta Gealltanais Dícháiliú nó ina rinne an Ard-Chúirt Orduithe Dícháilithe de bhun Acht na gCuideachtaí 2014 53**

**GLUAIS 55**

# RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

# Réamhrá

**Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2020 OSFC a chur faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta, an Dr. Leo Varadkar, T.D. de réir fhorálacha alt 954(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 ("an tAcht"). Ba mhaith liom roinnt ábhar a phlé anseo ach, sula ndéanfaidh mé amhlaidh, ba mhaith liom tosú trí fhorbhreathnú a thabhairt ar an bliain 2020 agus na príomhfhachtóirí a raibh tionchar acu ar ghníomhaíochtaí na hOSFC i rith na bliana.**


Ian Drennan, Stiúrthóir

## Léargas ar an mbliain 2020

### Comhthéacs

De réir mar a thosaigh an bhliain, bhí an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ("EDS") ag obair chun foinse, nádúr agus modhanna tarchuir tréithchineáil nua-aitheanta an chorónavíreas a dhéanamh amach. Deimhníodh an chéad chás in Éirinn go déanach i mí Feabhra agus, go luath i mí an Mhárta, dhearbhaigh an EDS go bhféadfaí an víreas a shainaithint mar phaindéim. Faoi dheireadh mhí an Mhárta, bhí bearta déine sláinte poiblí curtha i bhfeidhm mar iarracht srian a chur le scaipeadh Covid-19 agus chun na brúnna ar ár gcóras sláinte a mhaolú.

Bhí tionchar ollmhór ag Covid ar phobal na tíre agus ar an eachnamaíocht, agus b'éigean do go leor gnólachtaí éirí as trádáil ar feadh tréimhsí éiginnte, chaill na mílte daoine a gcuid post agus bhí orthu siúd a bhí an t-ádh leo leanúint ar aghaidh ag obair dul in oiriúint go tapa ar bhealaí nua oibre. Ag teacht leis na bearta sláinte poiblí, tá an chuid is mó d'fhoireann na hOSFC ag obair go cianda ó shin agus is léiriú dá ndúthracht gur beag an cur isteach a rinneadh ar sheirbhísí den chuid is mó. Is fíor freisin, áfach, nach bhfuil cuid de ghníomhaíochtaí na hOSFC oiriúnach d'obair cianda agus, dá bharr sin, bhí (mar a cheadaítear de réir na rialacháin sláinte poiblí maidir le seirbhísí riachtanacha) láithreacht leanúnach ann ar an bhfód ar feadh na tréimhse ar fad – go háirithe ó thaobh imscrúdaithe (sibhialta agus Garda), dlí, dlí-eolaíochta dhigiteach, agus, de réir mar is gá chun oibríochtaí a chothabháil, foirne seirbhísí corparáideacha.

### Dócmhainneacht chorparáideach

Braitheadh tionchar an Chovid go géire ar ghníomhaíochtaí na hOSFC i réimse na dócmhainneachta corparáidí. Mar fhreagairt ar an imní a léirigh grúpaí ionadaithe gnó agus comhairleoirí gairmiúla go bhféadfadh stiúrthóirí cuideachta a bheith faoi réir imeachtaí srianta gan údar de dheasca dócmhainneachtaí bainte leis an gCovid, d'eisigh an OSFC ráiteas poiblí ag athrá na dtosca a chuireann sé san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige ar cheart freagra iomchuí é an srian chun an phobal a chosaint. Fáiltíodh an ráiteas go forleathan mar mhaolú ar ábhair imní stiúrthóirí cuideachta a d'fhéadfadh, gan aon locht orthu féin, a bheith i mbaol dócmhainneachta corparáidí de dheasca na paindéime agus, dá bharr sin, i mbaol teacht faoi scrúdú an OSFC.

Laghdaigh líon na dtuairiscí leachtaithe a fuarthas le linn 2020 síos beagnach an ceathrú cuid ar leibhéil 2019. Léiríonn an laghdú suntasach seo roinnt tosca, ina measc an treocht bhunúsach anuas i líon na leachtaithe dócmhainneacha le blianta beaga anuas agus tionchar na srianta sláinte poiblí ar chumas leachtaitheoirí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Mar is léir ón laghdú faoi leath i líon na gcásanna reatha ag deireadh na bliana i gcomparáid lena tús, d'éirigh leis an OSFC leas a bhaint as na cúrsaí seo i rith na bliana.

Is feidhm de chuid líon na dtuarascálacha leachtaitheora a fhaightear í leibhéal na srianta agus na ndícháilíochtaí a fhorchuirtear mar ghealltanas reachtúil i mbliain ar leith. Mar thoradh air sin, ba é iarmhairt ar an titim suntasach i líon na dtuarascálacha leachtaitheora ná laghdú faoi 38%[1] ar líon na stiúrthóirí cuideachta a chuireadh srian leo agus a dhícháilíodh de bharr ghealltanais i rith na bliana.

In ainneoin an laghdú foriomlán faoi 24% ar líon na srianta agus dícháiliúcháin don bhliain, tháinig méadú 35% ar líon na nOrduithe a dheonaigh an Ard-Chúirt de bhun iarratais leachtaitheoirí.

1. De ghnáth, tiocfaidh srianta nó dícháiliúcháin iolracha chun cinn i ngach cuideachta dócmhainneach ábhartha agus, dá bhrí sin, sáraíonn líon an laghdú ar ghnóthais líon an laghdú ar thuairiscí a fhaightear.

I gcodarsnacht leis an méid atá thuasluaite, dícháilíodh 18 stiúrthóir cuideachta mar thoradh ar ghníomhaíochtaí OSFC maidir le cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte (ní mar thoradh ar tuairiscí leachtaitheoirí ach ar anailís inmheánach na hOSFC ar chuideachtaí a bhaineadh as de dheasca fiacha suntasacha), sin leibhéal mar an gcéanna le cad a tharla sa bhliain 2019.

Chuir an OSFC srianta agus dícháilíochtaí cosanta poiblí tréimhsí 265 bhliain san iomlán agus 82 bhliain san iomlán faoi seach ar stiúrthóirí cuideachta mar thoradh ar ghealltanais a thógadh le linn na bliana. Ina theannta sin, dhícháilíodh stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse 14 bhliain agus trí mhí sa bhliain 2020, an pionós is troime riamh a ghearradh dá leithéid san Ard-Chúirt.

Agus ag baint fós le téama Covid-19 agus dócmhainneachtaí corparáideacha, chuir an OSFC, mar bhall de Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí na gCuideachtaí (“GADC”), le tuarascálacha a ullmhaíodh don Tánaiste a bhaineann araon le saincheisteanna dlí na gcuideachtaí a tháinig chun cinn de dheasca na paindéime agus leis an struchtúr dlíthiúil atá beartaithe chun cuideachtaí beaga a tharrtháil.

### Imscrúduithe agus forfheidhmiú

Tháinig laghdú mór mar aon ar líon na dtuairiscí iniúchóra maidir le cionta indíotáilte an agus ar líon na ngearán ó bhaill an phobail i gcomparáid le leibhéil na bliana 2019 chomh maith – 29% agus 41% faoi seach. Ní míréasúnta a mheas gur chuir Covid leis na laghduithe seo freisin. Mar sin féin, agus is cuma iad na cúiseanna, bhí tionchar ag na laghduithe móra seo ar slí oibre na n-imscrúdaithe agus na bhforfheidhmithe a rinneadh i rith na bliana. Tá a shaolré féin ag gach imscrúdú – ó thionscnamh go bailiú faisnéise go hanailís go bailiú faisnéise breise go breitheanna a dhéanamh agus cinneadh a dhéanamh ar an ngníomh forfheidhmithe, más ann, a d’fhéadfadh a bheith riachtanach agus aird á tabhairt ar na fíricí agus na bunchúinsí lena mbaineann. Bíonn tionchar ag líon agus cineál na n-imscrúduithe le linn na bhliana, mar aon leis an gcéim atá bainte amach acu i saolré gach imscrúdaithe, ar phróifíl na hoibre imscrúdaithe a dhéantar le linn na bliana sin.

Léirítear sin go géar ag an sampla seo a leanas. Ag barr imscúdú na hOSFC ar Independent News & Media (“INM”) sa bhliain 2017, eisíodh 46 Fógra agus Ceanglas Reachtúla ar a laghad faoi dhlí na gcuideachtaí a bhí baint acu le doiciméid a tháirgeadh agus le faisnéis agus míniúcháin ghaolmhara a sholáthar faoi seach. An bhliain chéanna, ní bhfuarthas ach cúig Ordú de bhun alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Goid & Calaoise) 2001.

Ach le linn na 2020 nuair a bhí difríocht mór i bpunann na n-imscrúduithe, níor eisíodh ach cúig Riachtanas faoi dhlí na gcuideachtaí a bhí baint acu le doiciméid a thabhairt ar aird agus le soláthar faisnéise agus na mínithe a bhaineann faoi seach. Mar sin féin, áfach, fuarthas 54 Ordú de bhun alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Goid & Calaoise) 2001. Cuireadh na gníomhaíochtaí seo chun faisnéis a bhailiú le 14 agallamh amhrasacha faoi rabhadh, seacht gcuardach faoi bharántais agus gabháil naonúir.

Mar thoradh ar an obair imscrúdaithe a rinne an OSFC le linn na bliana 2020, díríodh 55 cúiseamh coiriúla ar dhaoine ainmnithe. Bhain na cúisimh choiriúla seo le cionta líomhainte a raibh baint acu le, idir eile, trádáil chalaoiseach, faisnéis bhréagach a sholáthar, goid agus sciúradh airgid.

### Sócmhainní um imscrúdú agus nithe lena mbaineann

Agus ualach na gcásanna choiriúla leanúnacha an OSFC i rith na bliana 2020 a chur san áireamh chomh maith leis na héilimh a ghabhann leo ar acmhainní imscrúdaithe na hOifige, scríobh mé chuig Coimisinéir an Gharda Síochána i mí Iúil 2020 chun lorg ar roinnt ball breise den Gharda Síochána (sé sin, seisear bleachtaire sa bhreis a leithdháileadh ar feadh tréimhse sé mhí ar an líon buan a cheadaigh ag an Rialtas don OSFC) maidir le cabhrú sealadach a thabhairt dúinn le hábhair áirithe a bhaineann le roinnt mór-imscrúduithe coiriúla a chur chun cinn.

I mí na Samhna 2020, cuireadh in iúl don Oifig seo gur cheadaigh an Coimisinéir an leithdháileadh sealadach a bhí á lorg againn agus go gceapfar iad as comórtas a bhí ar siúl ag an am chun poist bleachtaireachta a líonadh i mBiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireachta Eacnamaíocht (“BNGSCE”). I ndiaidh an cheadú sin, ceapadh beirt Bhleachtaire breise i lár mhí Aibreáin na bliana 2021. Amhail an 28 Aibreán 2021, táimid ag fanacht fós ar cheapachán na gceathrar eile.

## Ag breathnú ar aghaidh ar an mbliain 2021 agus ina dhiaidh

### Dócmhainneacht chorparáideach

Ag cur san áireamh cé chomh géar agus a tháinig laghdú ar líon na dtuarascálacha leachtaitheora a fuarthas i rith na bliana 2020, agus ag glacadh leis go bhfillfidh an líon thart ar an ngnáth de réir mar a théann leathadh amach an chláir vacsaíne chun cinn agus mar a thosófar ar na srianta a chur ar cheal, tá sé réasúnta a bheith ag súil go mbeidh cúlú éigin sa treocht seo le linn na bliana 2021. Mar thoradh air sin, bheifí ag súil go méadódh líon na srianta agus na ndícháilíochtaí a eiseofaí. Ag brath ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na Cúirteanna don chuid eile den bhliain, d’fhéadfadh srianta agus dícháiliúcháin de bhun iarratais leachtaitheoirí a mhéadú.

Tá an anailís thuas bunaithe ar leibhéil na ndócmhainneachta a bhí ann roimh an gCovid. Ach tá tuairim ann freisin go bhfuil bun-fhadhbanna airgeadais an earnáil chorparáideach á gceilt ag na tacaíochtaí atá ar fáil ón Stáit faoi láthair. Más é seo an cás, de réir mar a théann éifeachtaí fadtéarmacha an Chovid tríd an ngeilleagar agus tacaíochtaí airgeadais éagsúla an Stáit ag laghdú, d’fhéadfaí méadú suntasach a theacht ar líon na ndócmhainneachtaí corparáideacha agus, dá dheasca sin – de mhéid nach raibh le feiceáil go dtí seo – ar líon na dtuarascálacha leachtaitheora ag teacht tríd an gcóras.

Mar a luadh anseo cheana, chuir an GADC tuairisc faoi bhráid an Tánaiste maidir le struchtúr dlíthiúil a d’fhéadfadh a bheith ar fáil chun cuideachtaí beaga a tharrtháil. Molann an tuairisc scéim atá bunaithe, go pointe áirithe, ar an scrúdaitheoireacht ach atá deartha le bheith níos casta agus, dá bharr sin, in ann réiteach níos saoire a chur ar fáil do chuideachtaí atá faoi bhrú. Samhlaíonn na moltaí go mbeidh ról substaintiúil sa phróiseas ag an OSFC agus tá siad á n-athbhreithniú ag an Tánaiste agus a oifigigh faoi láthair.

### Tathantt

Mar thoradh ar chúiseanna a luadh thuas, imríodh tionchar suntasach ar ghníomhaíochtaí tathanta na hOSFC, agus ina measc, for-rochtain os comhair páirtithe leasmhara. De réir mar a thosaíonn na srianta á gcealú, tá súil againn gur féidir na gníomhaíochtaí sin a atosú ar bhonn duine le duine. Idir an dá linn, leanfaimid ar aghaidh, chomh maith agus is féidir linn, le tionscnaimh tathanta leictreonacha a chur ar fáil.

### Imscrúduithe agus forfheidhmiú

Mar is léir ón scéal go dtí seo, lean gníomhaíochtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe na hOSFC ar aghaidh i rith srianta sláinte poiblí (cé gur gearradh siar iad maidir le, mar shampla, na deacrachtaí a bhain le agallaimh a dhéanamh le finnéithe). Leanfaidh an chas amhlaidh sin sa bhliain 2021. Chomh maith le fanacht le críoch a chur le Cigireacht reatha na hArd-Chúirte ar INM, táimid ag súil go gcuirfear comhaid faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí mar thoradh ar roinnt imscrúduithe a rinneadh i mbliana.

Ós rud é gur tháinig laghdú mór ar líon na dtuarascálacha iniúchóirí agus na ngearán ó bhaill an phobail sa bhliain 2020, táimid ag súil go dtiocfaidh filleadh éigin ar an ngnáth-leibhéil sa bhliain 2021, rud a fhágfaidh go méadóidh líon na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe gaolmhara i rith na coda eile den bhliain seo.

## Forfheidhmiú Coiriúil

Tá rogha gnás forfheidhmithe ar fáil ag an Oifig seo. Má tá na comharthaí le feiscint go bhfuil sárú dlí na gcuideachtaí ar siúl, ní hé an ionchúiseamh (nó atreorú chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) ár bhfreagra réamhshocraithe. Dá mbeadh a leithéid, bheadh orainn gach stiúrthóir cuideachta nár éirigh leis a chinntiú go bhfuil ainm cuideachta le feiceáil taobh amuigh de gach áit ghnó nó a chinntiú go raibh ainmneacha stiúrthóirí ar cheann litreach cuideachta a thabhairt os comhair na cúirte. D'fhéadfadh cur chuige mar seo staitisticí ionchúiseamh iontacha a chruthú ach caithfeadh sé amhras ar oiriúnacht agus creidiúnacht modh oibre straitéisigh na hOifige seo i leith a sainordú reachtúil a chomhlíonadh. Mar an gcéanna, ní méadracht feidhmíochta iomchuí í líon na n-ionchúiseamh i mbliain ar leith. Dá mbeadh a leithéid á nglacadh againn, d'fhéadfaimis a bheith cúiseamh as ionchúisimh choiriúla á dtionscnamh chun spriocanna feidhmíochta a bhaint amach.

Mar sin, níl san ionchúiseamh coiriúil ach cuid amháin de ghníomhaíocht forfheidhmithe na hOSFC agus níl ann ach bealach amháin trínar féidir feidhmíocht na hOifige seo a thomhas. Is cuid shuntasach de ghníomhaíochtaí iomlána OSFC í an obair a bhaineann le dócmhainneachtaí corparáideacha, mar atá luaite thuas. Ina theannta sin, déileáiltear le go leor tásca maidir le sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí ar bhealach atá comhréireach agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de nach bhfuil gá riamh ar imscrúdú nó ionchúiseamh a thionscnamh – mar shampla, trí oideachas a chur ar fáil, trí chúnamh a thabhairt do ghearánaigh, trí shásamh dheonach a fháil i ndiaidh á chur ina luí, trí rabhadh a eisiúint agus, más gá, trí threoracha reachtúla a eisiúint chun an dualgas a chomhlíonadh (a chuirfimid i bhfeidhm, más gá, trí na Cúirteanna).

Mar sin féin, mar gheall ar an ardphróifíl a baineann leo, tugtar aird ar leith i measc an phobail ar ár ngníomhaíochtaí imscrúdaithe coiriúla agus ionchúisimh. Uaireanta, bíonn ionchais neamhréadúla ann ina leith. Mar shampla, le cúpla seachtain anuas, iarradh ar an OSFC imscrúdú a dhéanamh ar imeachtaí a thagann faoi réim na seirbhísí airgeadais chomh maith le hábhair a mbaineann le neamhchomhlíonadh na ndualgas atá molta maidir le conarthaí airgeadais. Fiú amháin, iarradh sna meáin shóisialta ar an OSFC imscrúdú a dhéanamh ar dháileadh líomhainte na vacsaíní Covid-19 go míchuí i suíomhanna ospidéil. Ach i gcomhréir lena sainordú reachtúil, áfach, tá imscrúduithe na hOSFC dírithe ar an gcéad dul síos ar chásanna ina bhféadfadh dlí na gcuideachtaí a bheith sáraithe. Agus ag brath ar na fíricí agus na cúinsí a mbaineann leo, uaireanta síneann siad níos faide ná sin – go minic go sáruithe na reachtaíochta a bhaineann le gadaíocht, calaois agus sciúradh airgid ós rud é nach minic a tharlaíonn sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí ina n-aonar – ach, de réir ár sainordaithe reachtúil, sé dlí na cuideachta an chéad chéim i ngach imscrúdú. Sa chomhthéacs seo, áfach, ní mór a chuimhneamh nach feithicil í, agus nach mbeartaíodh riamh a bheith inti, dlí na gcuideachtaí chun dul i ngleic le gach cás líomhainte den choireacht *"bóna bán"*.

Le blianta beaga anuas, sí straitéis na hOSFC maidir le forfheidhmiú coiriúil ná díriú ar na ceisteanna a bhaineann lenár réimse féin a thugann le tuiscint go ndearnadh éagóir chomh tromchúiseach sin ionas go bhféadfaí dochar mór a dhéanamh do dhaoine aonair, do ghnólachtaí, do mhuinín an phobail agus do cháil na hÉireann. Mar thoradh ar ár gcuid oibre imscrúdaithe, cuireadh cúisimh choiriúla thromchúiseacha i leith daoine áirithe agus fuarthas ciontuithe coiriúla i gcásanna faoi dhlí na gcuideachtaí agus faoin reachtaíocht níos fairsinge maidir leis an gceartas coiriúil. Le seachtainí beaga anuas amháin, tá ciontuithe coiriúla faighte ag an OSFC as trádáil chalaoiseach, as ionstraimí bréagacha a úsáid agus as faisnéis bhréagach a sholáthar – ar cionta coiriúla tromchúiseacha iad go léir. I ngach chás, phléadáil an duine cúisithe ciontach agus léiríonn sin neart na n-ionchúiseamh a bhí bunaithe ar obair imscrúdaithe na hOifige.

Is léir iad na buntáistí sochaíocha a bhaineann lena leithéid imscrúduithe agus ionchúisimh. Is astu a thagann an trédhearcacht agus an chuntasacht atá riachtanach chun timpeallacht ghnó dea-rialaithe a bhunú, agus tá gá leo chun an pobal gnó agus an pobal i gcoitinne a chosaint ó choireacht eacnamaíoch. Agus ag cuimhneamh ar an dochar chreimneach a dhéanann an coireacht *"bóna bán"* don phobal, aithnímidne mar eagraíocht go bhfuil sé riachtanach go dtabharfaí daoine aonair, chomh maith leis na heagraíochtaí féin, chun chuntas ionas nach dtarlódh a leithéid de mhí-iompar arís.

Ach ní féidir buntáistí mar seo a bhuachan go héasca. Tá cuid de na dúshláin roimh an OSFC ann le fada an lá – de ghnáth, sé luas an imscrúduithe an gearán is minice. Teastaíonn foighne agus díogras nuair a bhíonn cásanna casta den chineál seo faoi scrúdú, áfach, mar is minic a thógann siad tréimhse níos faide ná mar a bhaineann le gnáthchásanna ceartais choiriúil chun iad a chur í gcrích – uaireanta d'fhéadfadh roinnt blianta nó níos mó a bheith ann idir oscailt an chomhaid agus á sheoladh chuig Stiúrthóir na n-Ionchúiseamh Poiblí chun an cás a mheá. Agus nuair a dhéantar cúiseamh, d'fhéadfaí fanacht ar feadh blianta fós sula socraítear an dáta trialach. Mar shampla, cuireadh comhad na hOSFC maidir leis an iar-charthanais Console faoi bhráid an SIP i mBealtaine na bliana 2019. Tá éisteacht réamhthrialach sceidealta d'Eanáir 2022, agus tá an triail féin sceidealta d'Eanáir 2023. Sa chomhthéacs seo, cuirtear fáilte roimh fhoilsiú an Bhille um Nós Imeachta Coiriúil 2021 i mí Eanáir seo caite, a bhfuil mar phríomhaidhm aige ná éisteachtaí réamhthrialach a chur ar fáil. Meastar go méadóidh siad éifeachtúlacht an phróisis agus go laghdóidh siad na moilleanna maidir le hionchúiseamh cásanna móra coireachta eacnamaíochta a bhainistiú.

Tá dúshláin suntasacha eile ann don imscrúdú coiriúil, cé go bhfuil blas nua-aimseartha orthu. I measc na n-eagraíochtaí chorparáideacha, agus fiú na ndaoine aonair freisin, a thagann inár n-aird, bíonn clú mór agus acmhainní thar a bheith suntasach ag an-chuid acu. Mar atá mar cheart acu, is gnách go baineann siad úsáid as gach acmhainn dlí atá ar fáil acu mar fhreagairt ar iarrachtaí imscrúdaithe, agus níos minice is uirlisí ionsaithe chomh maith le uirlisí cosanta anois iad na dearbhaithe pribhléide agus príobháideachta. Tá ré na fianaise deannachúla i bhfolach sa mhórleabhair agus sa chaibinéid chruach imithe le fada an lá. Tá na taifid dhoiciméadacha thuas sa scamall, is digiteach é an cumarsáid atá ann anois, tá cónaí ar an-cuid faisnéise san fhón chliste agus sna gléasanna iniompartha eile. Tá gá le leasú reachtaíochta mar fhreagairt ar fhorbairtí teicneolaíochta, agus rinne an OSFC aighneachtaí ar fhorbairt an bheartais i bhfóraim iomadúla – agus tá tionchar suntasach gnóthaithe aici i leith na n-ábhar seo – is déanaí trína ballraíocht i nGrúpa Athbhreithnithe Hamilton ("GAH"), a rinne moltaí sonracha. maidir le leasaithe a bhaineann le cearta príobháideachta i gcomhthéacs na gcuardaithe dhigiteacha.

Braitheann an OSFC go mór ar an struchtúr ildisciplíneach ar leith atá aici agus faigheann sí meascán na scileanna, an tsaineolais, an taithí agus éiteas ó shibhialtaigh agus ó phóilíní araon chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann i gcónaí le himscrúdú coiriúil casta. Ó ceapadh mé, tá an OSFC, agus tacaíocht láidir leanúnach á fáil aici ó Airí, ón Rialtais agus ó oifigigh na Roinne, tar éis a cumais imscrúdaithe a neartú go mór trí ghairmithe ard-oilte cuntasaíochta, dlí agus dlí-eolaíochta digiteacha a earcú agus trí infheistíocht mhór a dhéanamh sa teicneolaíocht agus san oiliúint.

## Athbhreithniú ar struchtúir frith-chalaoise agus frith-éillithe na hÉireann agus ar an bPlean Forfheidhmithe a bhaineann leo

Tugann sé sin chuig an GAH mé, a raibh an Oifig seo ina ball de agus a d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt a Thuaraisc i mí Nollag 2020. Rinne an GAH roinnt moltaí a d'fhéadfadh cur go mór le cumas foriomlán na hÉireann dul i ngleic le coireacht eacnamaíoch.

I measc na moltaí suntasacha a bhaineann go díreach leis an Oifig seo tá:

- Fóram um Choireacht Eacnamaíoch agus Éilliú a bhunú, ar a mbeidh gníomhaireachtaí rialála agus forfheidhmithe, an OSCF san áireamh;
- achtachán brostaithe an Bhille um Nós Imeachta Coiriúil, ag cur ar fáil, *inter alia*, éisteachtaí réamhthrialacha i dtrialacha coiriúla;
- cumhachtaí faireachais breise a thabhairt don Oifig seo agus do Ghníomhaireachtaí eile;
- an reachtaíocht a bhaineann le barántais a leasú chun:
  - freagairt ar an dul chun cinn teicneolaíochta (m.sh., sonraí á stóráil sa scamall);
  - tabhairt aghaidh ar cheisteanna áirithe a bhaineann leis an bpríobháideacht; agus
  - socrú a dhéanamh maidir le foráil do bharántais neamhspleácha a thabhairt an chumhacht do shealbhóir an bharántais a éileamh go gcuirfear na pasfhocail do ghléasanna leictreonacha ar fáil,
- leasú ar na Rialacháin Coimeádta chun cead freastal ar agallaimh le daoine faoi amhras a thabhairt d'fhoireann shibhialta na hOSFC páirt a ghlacadh acu sna hagallaimh (m.sh., cuntasóirí, saineolaithe dlí-eolaíochta digiteacha); agus
- leasú ar alt 50 den Acht um Cheartas Coiriúil 1997 (arna leasú) chun go mbeadh baint aige le gach cion in-ghabhála (sé sin, síneadh a chur leis na tréimhsí coinneála atá ar fáil faoi láthair inar féidir daoine faoi amhras a chur faoi agallamh).

Cuirtear fáilte roimh fhoilseachán an Phlean Forfheidhmithe a bhaineann leis ag an Aire Dlí agus Cirt le seachtainí beaga anuas agus, ós rud i gceart é go bhfuil an choireacht eacnamaíoch chun tosaigh sa chlár oibre polaitiúil, tá an Oifig seo, mar aon lena comheagraíochtaí, ag tnúth le páirt a ghlacadh chun moltaí na GAH a chur i gcrích.

## An tÚdarás Forfheidhmithe Corparáideach ("UFC")

Le linn 2020, lean foireann na hOSFC ag obair go dlúth le hoifigigh an Aire agus an Aire Troy chun bunobair bunú an UFC a leagan síos. I mí Eanáir seo caite, tháinig ionadaithe ón Oifig seo os comhair Chomhchoiste an Oireachtais um Fhiontar, Trádála & Fostaíocht chun Bille um Scéim Ghinearálta na gCuideachtaí (Údarás Forfheidhmithe Corparáideach) 2018[2] a phlé.

D'fhoilsigh an Coiste a Thuaraisc[3] ar an 20 Aibreán. Cuirtear fáilte roimh roimh thacaíocht an Choiste do sheasamh na hOSFC ar cheisteanna reachtaíochta cosúil le barántais, príobháideacht, tinreamh sibhialtaigh ag agallaimh daoine faoi amhras agus pribhléid. Cuirtear fáilte freisin roimh thuairim an Choiste gur cheart leibhéil acmhainní an tUFC a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach chun a chinntiú go bhfanann siad leordhóthanach.

Ta dúshláin ag baint leis an athrú ó Oifig de chuid na Roinne go Gníomhaireacht. Ach, níos tábhachtaí fós, tá deiseanna ag baint leis chomh maith. Tá an Oifig seo ag tnúth le hachtú an Bhille agus le bunú an UFC ar bhonn reachtúil sna míonna amach romhainn.

Agus ag ullmhú don aistriú, iarradh agus fuarthas cead do roinnt post nua a threalmhóidh an UFC le freagrachtaí breise a ghabhann le stádas Gníomhaireachta a ghlacadh agus lenár n-obair imscrúdaithe á bhfeabhsú tuilleadh. Táimid ag tnúth le fógairt na ndeiseanna iontacha nua seo sna míonna amach romhainn agus, mar thoradh ar an bhfeachtas sin, le neartú breise ár gcumas imscrúdaithe.

## Focail scoir

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Tánaiste agus leis an Aire Troy agus lena n-oifigigh as a dtacaíocht leanúnach i rith na bliana. Mar is gnách, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil as an ngairmiúlacht, an dúthracht agus an díograis a léirigh mo chomhghleacaithe na hOSFC i rith na bliana. Ba bhliain dhúshlánach í tríd is tríd agus is tríd a n-iarrachtaí agus a dteacht aniar gur leanadh le obair na hOifige seo gan mórán cur isteach.

**Ian Drennan**
**Stiúrthóir**

28 Aibreán 2021

2. Tá tras-scríbhinn an agallaimh ar fáil ag: https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/joint_committee_on_enterprise_trade_and_employment/2021-01-22/2/
3. https://www.oireachtas.ie/en/publications/18464

# 2020 in Uimhreacha

**669**
Tuarascálacha leachtaitheoiría fuarthas

**265**
Srianta comhiomlána (blianta) arna bhforchur ag an OSFC

**€5.7m**
€m iasachtaí stiúrthóirí a cheartú

**73**
Stiúrthóirí cuideachta srianta

**32**
Stiúrthóirí cuideachta dícháilithe

**14.25**
An dícháiliú is faide (blianta) arna fhorchur ag an Ard-Chúirt

**1,500**
Cáipéisí treorach a scaipeadh

**€4.3m**
€m – costas oibríochtaí 2020

**82**
Dícháiliúcháin comhiomlána (blianta) arna bhforchur ag an OSFC

**12**
Ciontuithe coiriúla

**7**
Barántais chuardaigh curtha i gcrích

**55**
Cúiseamh coiriúil ordaithe

**75**
Tuarascálacha cionta indíotáilte iniúchóirí a fuarthas

**100**
Céatadán na gciontuithe a daingníodh bunaithe ar phléadálacha ciontach

**149**
Gearráin a fuarthas

**14**
Agallaimh deonacha le rabhadh

**65**
Orduithe Táirgthe eisithe

**9**
Gabhálacha

**6**
Terabyte fianaise dhigitigh urghabhadh, próiseáladh agus ar ar rinneadh anailís

# 1

# FORBHREATHNÚ AR OSFC

# Sainordú reachtúil

### Acht na gCuideachtaí 2014 (árna leasú)

Tháinig Acht na gCuideachtaí 2014 (“an tAcht”) i bhfeidhm i mí Bealtaine 2015. Ach amháin nuair a éilíonn na cúinsí é, dá réir sin, baineann gach tagairt reachtúil sa Tuarascáil seo leis an Acht i gcodarsnacht le hAchtanna na gCuideachtaí ar cuireadh ina n-ionad é. Is féidir téacs iomlán an Achta a rochtain ar shuíomh gréasáin Leabhar Reachtanna na hÉireann[4].

### Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Déanfar foráil i gCuid 15, Caibidil 3 den Acht i leith phost an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Chorparáideach (“Stiúrthóir”). Tugtar cuidiú don Stiúrthóir, a cheapann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíocht (“an tAire”), lena shainordú reachtúil a chur ar aghaidh trí:

- foireann arna sainiú ag an Aire; agus
- baill den Gharda Síochána tugadh ar iasacht de bhun Chinneadh an Rialtais.

Le chéile, cuimsíonn iad siúd a luadh thuas Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (“OSFC”/”an Oifig”).

### Príomhfheidhmeanna an Stiúrthóra

Tá príomhfheidhmeanna an Stiúrthóra leagtha amach san Acht[5]. Áirítear orthu sin:

i. comhlíonadh an Achta a spreagadh;

ii. imscrúdú a dhéanamh ar chásanna cionta líomhnaithe faoin Acht;

iii. an tAcht a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear le hionchúiseamh na gcionta trí imeachtaí achoimre[6];

iv. cásanna a atreorú, dá rogha féin, chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (“SIP”) sa chás go bhfuil forais réasúnta ag an Stiúrthóir lena chreidiúint go ndearnadh cion indíotáilte[7] faoin Acht; agus

v. ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid is a cheapann sé é a bheith riachtanach nó iomchuí, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht.

### Neamhspleáchas an Stiúrthóra

Déantar foráil san Acht[8] go mbeidh an Stiúrthóir neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

# Spriocanna ardleibhéil

Bunaithe ar na príomhfheidhmeanna reachtúla atá leagtha amach thuas, is iad seo a leanas spriocanna ardleibhéil OSFC le linn na bliana atá faoi athbhreithniú:

1. tuiscint níos fearr ar chearta agus ar dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoin dlí cuideachtaí a chur chun cinn;
2. aghaidh a thabhairt ar iompraíocht neamhfhreagrach a mhéid is a bhaineann sé leis an dlí cuideachtaí; agus
3. seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Tugtar tuilleadh faisnéise ar na straitéisí agus ar na gníomhaíochtaí ar bhféachadh dóibh agus a rinneadh faoi seach le linn na bliana faoi athbhreithniú chun na spriocanna sin a bhaint amach sa chuid eile den Tuarascáil seo mar a leanas:

- » **Caibidil 2** – Tuiscint níos fearr ar chearta agus ar dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoin dlí cuideachtaí a chur chun cinn
- » **Caibidil 3** – Aghaidh a thabhairt ar iompraíocht neamhfhreagrach a mhéid is a bhaineann sé leis an dlí cuideachtaí
- » **Caibidil 4** – Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha

4. http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/38/enacted/en/pdf
5. Alt 949 d’Acht na gCuideachtaí 2014
6. Is é sin os comhair na Cúirte Dúiche
7. Is éard is cion indíotáilte ann cion ar féidir é a thriail ar díotáil, i.e., os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda.
8. Alt 949(3) d’Acht na gCuideachtaí 2014

# Acmhainní, struchtúr na heagraíochta, socruithe rialachais agus príomhshruthanna oibre

## Acmhainní daonna

Tá comhlánú foirne iarbhír OSFC (i.e., seachas foireann cheadaithe) ag tús agus ag deireadh na bliana faoi seach mionsonraithe i dTábla 1 thíos.

### Tábla 1: Líon Foirne OSFC – 2019/2020

| Líon Foirne (CL[9]) | 31 Nollaig 2019 | 31 Nollaig 2020 |
|---|---|---|
| Líon iarbhír atá i bhfeidhm | 42 | 43 |

Tá comhdhéanamh líon foirne na hOifige amhail an 31 Nollaig 2020, mar aon le sonraí comparáideacha, leagtha amach i dTábla 2 thíos.

### Tábla 2: Anailís ar foirne iarbhír (CL)

| Grád | 31 Nollaig 2019 | 31 Nollaig 2020 |
|---|---|---|
| Stiúrthóir | 1 | 1 |
| Ceannasaithe Feidhme (ach amháin Garda) | 3[10] | 3[10] |
| Dlíodóir Forfheidhmithe | 2 | 2 |
| Speisialtóir Fóiréinseach Digiteach | 1 | 1 |
| Cuntasóirí Fóiréinseach | 4 | 4 |
| Aturnaetha | 1 | 1 |
| Príomhoifigigh Cúnta | 3 | 3 |
| Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin | 8 | 7 |
| Oifigigh Feidhmiúcháin | 5 | 5 |
| Oifigigh Cléireachais | 6.6 | 7 |
| **Bleachtaire Gardaí (ar iasacht de bhun Chinneadh an Rialtais)** | | |
| Cigire Bleachtaireachta (Ceann Feidhme) | 1 | 2[11] |
| Sáirsint Bleachtaireachta/Sáirsint | 3 | 3 |
| Bleachtaire Gardaí | 4 | 4 |
| **Iomlán** | **41.6** | **43** |

## Acmhainní airgeadais

Tá an Oifig maoinithe trí Vóta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostíocht ("an Roinn") (Vóta 32). Tá sonraí maidir le leithdháileadh agus caiteachas faoi seach na hOifige do 2020 leagtha amach i dTábla 3 thíos.

### Tábla 3: Leithdháileadh airgeadais agus caiteachas – 2020

| | Cionroinnt €000anna | Caiteach €000anna | % |
|---|---|---|---|
| Pá | 3,740 | 2,295 | 61 |
| Neamhphá | 2,317 | 2,015 | 87 |
| Costais Dlí Eiseachtúil (soláthar teagmhasach) | 50 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **6,107** | **4,310** | **71** |

9. Coibhéiseach Lánaimseartha
10. Beirt Bainisteoir Punainne Forfheidhmithe agus Phríomhoifigeach amháin
11. Bhí duine de na Bleachtairí-Chigirí in áit ag fanacht lena n-athlonnú tar éis ardú céime agus dá bhrí sin breise.

Seo a leanas na príomhchúiseanna nárbh ionann caiteachas iarbhír agus an leithdháileadh:

- coigilteas ar Phá mar thoradh ar fholúntais a d'fhan gan líonadh nó a d'eascair i rith na bliana (scoir agus fágálaithe go príomha); agus
- bhí na costais dlí a d'eascair i rith na bliana níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis, cé go mbeidh cuid acu le híoc in 2021. Ina theannta sin, níor tháinig chun críche ag deireadh na bliana cleachtadh soláthair a rabhthas ag súil go gcruthódh sé caiteachas suntasach.


Tá anailís níos mionsonraithe maidir leis an gcaiteachas a tabhaíodh le linn na bliana leagtha amach in Aguisín 1 leis an Tuarascáil seo.

### Fóiréinsic Dhigiteach

Lorgaíodh agus fuarthas cead in 2018 chun leathnú fairsing a dhéanamh ar chumais an Aonaid Dlí-Eolaíochta Digití. Le linn tionscadail dhá bhliain, soláthraíodh ard-bhogearraí fóiréinsice digiteacha agus r-Fhollasú, agus críochnaíodh suiteáil an chórais ag deireadh 2020. Chuir coimisiúnú an chórais seo saoráid úrscothach ar fáil don Oifig a mhéadaíonn go mór cumas an Aonaid Dlí-Eolaíochta Digití déileáil leis na castachtaí a thagann chun cinn go minic in imscrúduithe corparáideacha nua-aimseartha.

### Struchtúr eagrúcháin

Ag féachaint do phríomhfheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra agus do na sruthanna oibre comhbhainteacha, baineann roinnt Aonad le struchtúr na hOifige. Is san eagraghram thíos a leagtar amach struchtúr eagrúcháin na hOifige.




**Eochair:** Forfheidhmiú sibhialta/coiriúil; Tathant; Maoirseacht chuideachtaí dócmhainneacha; Seirbhísí gairmiúla agus tacaíochta

### Príomhshruthanna oibre

De bharr chineál phríomhshruthanna oibre na hOifige éilítear leis an gcuid is mó díobh cur chuige ildisciplíneach a bhaineann le hidirghníomhaíocht leanúnach idir na hAonaid agus/nó comhoibriú gníomhach na nAonad chun cuspóirí corparáideacha a bhaint amach.

Dá réir sin, tá cumarsáid éifeachtúil idir na hAonaid, agus go nglacann gach Aonad peirspictíocht ar fud na heagraíochta agus a fheidhmeanna á bhfeidhmiú aige, ina fhachtóir ríthábhachtach. Dá réir sin, is é seo cur chuige a spreagann agus a éascaíonn foireann ceannaireachta na hOifige.

Tá príomhshruthanna oibre na hOifige leagtha amach sa Tábla thíos, mar aon le sonraí faoin áit a bpléitear go príomha le gach sruth oibre sa Tuarascáil seo.

### Tábla 4: Príomhshruthanna oibre

| Sruth oibre | Aona(i)d ag a bhfuil baint leis go príomha | Caibidil |
|---|---|---|
| Comhlíonadh le dlí na gcuideachtaí a spreagadh | Sa chéad ásc, is ar an Aonad Tathanta atá freagracht as comhlíonadh le dlí na gcuideachtaí a spreagadh. Mar sin féin, déanann an tAonad Tathanta teagmháil le hAonaid eile lena mbaineann d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus réimsí ar fiú tionscnaimh dhírithe tathanta iad a shainaithint. | 2 |
| Feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais a mholadh | Ag brath ar chineál an ábhair, sanntar forbairt aighneachtaí OSFC d'aonad amháin nó níos mó ná aonad amháin. I gcoitinne áfach, déanfar forbairt na n-aighneachtaí a chomhordú tríd Aonaid Dlí nó Tathanta. | 2 |
| Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar thuairiscí leachtaitheoirí | Déanann an tAonad Dócmhainneachta athbhreithniú, scrúdú agus breithniú ar thuairiscí leachtaitheoirí. Déanann cásoifigigh thaithíocha dócmhainneachta cinntí ar cé acu chun nó gan faoiseamh a dheonú maidir le stiúrthóirí cuideachtaí de bhun moltaí leachtaitheora i gcomhar le cuntasóirí agus comhairleoirí dlí an OSFC, sa chás gur cuí. | 3 |
| Scrúdú ar chuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte | Cuireann an tAonad Dócmhainneachta beartas i bhfeidhm, chomh maith, chun scrúdú a dhéanamh ar chuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte a mbíonn dliteanais shuntasacha acu agus cinntí a dhéanamh maidir le stiúrthóirí a dhícháiliú nó gan iad a dhícháiliú. | 3 |
| An Creat Gealltanas a chur i bhfeidhm | Ó Mheitheamh 2015 ar aghaidh, cruthaíonn an sruth oibre seo gné lárnach agus ríthábhachtach d'fheidhmeanna an Aonaid Dócmhainneachta agus cuimsíonn sé nósanna imeachta breise riaracháin a bhaineann leis an gCóras Gealltanas chun srian a chur ar stiúrthóirí cuideachta agus iad a dhícháiliú. Eascraíonn coigilteas an-suntasach costais agus an tAcht a chur i bhfeidhm níos éifeachtaí, faoi mar a mbaineann sé le dócmhainneacht. | 3 |
| Scrúdú gearán agus tuairiscí reachtúla | Tá freagracht ar an fheidhm Forfheidhmiú as gearáin agus tuairiscí reachtúla (ar nós tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó iniúchóirí, mar shampla) a scrúdú. Ag brath ar chineál na saincheisteanna a thagann aníos, féadfaidh an fheidhm Forfheidhmiú:<br>» aghaidh a thabhairt ar an saincheisteanna é féin, m.sh., trí bhíthin coigeartú/leasú deonach nó trí chumhachtaí áirithe de chuid chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra á n-úsáid;<br>» an cheist a ainmniú a bheith le tuilleadh imscrúdaithe;<br>» an cheist a tharchur chuig an Aonad Dócmhainneachta, m.sh., i gcás ina mbaineann na saincheisteanna i gceist le cuideachta dhócmhainneach;<br>» an cheist a tharchur chuig tríú páirtí, mar shampla, comhlacht rialála nó forfheidhmithe eile. | 3 |
| Dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta | Den chuid is mó, déanann an feidhm Forfheidhmithe i gcomhar le feidhm Dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta a bhainistiú.<br>Comhbhainistíonn feidhmeanna Dóchmhainneachta agus Forfheidhmithe, arís i gcomhar le Dlíodóirí Forfheidhmithe, dlíthíocht shibhialta, ar nós dícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí a baineadh as an gClár[12] le linn dóibh fiachais neamhscaoilte a bheith acu a iarraidh. | 3 |
| Imscrúdú coiriúil agus ionchúiseamh | Déanann Aonad na nGardaí imscrúdú ar sháruithe coiriúla féideartha ar dhlí cuideachtaí i gcomhar leis na hAonaid Forfheidhmithe agus Foireinsice Digití.<br>A luaithe is a dhéantar cinneadh chun tús a chur le himeachtaí coiriúla achoimre, éiríonn an t-ionchúiseamh ina ionchúiseamh comhoibrithe idir Aonaid Forfheidhmithe, Dlí agus an Gharda. I gcás imscrúduithe in atáthar ionchúiseamh ag brath a dhéanamh ionchúiseamh ar díotáil, baineann comhoibriú idir feidhme Forfheidhmithe, Gharda agus Dlí.<br>In imthosca ina ndéanann an SIP, tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe faoi mar a bhí sé curtha ag an Oifig, cinneadh chun ionchúiseamh ar díotáil a thionscnamh, bíonn freagracht ar Aonaid Forfheidhmithe agus an Gharda go príomha as tacaíocht ina dhiaidh sin a chur ar fáil d'Oifig an SIP (mar shampla, maidir le nochtadh leis an gcosaint). | 3 |
| Maoirseacht ar iompar leachtaitheoirí | Is éard atá i ngníomhaíochtaí a dhéantar chun maoirseacht a dhéanamh ar iompar leachtaitheoirí (ar nós, mar shampla, léiriú leabhar agus taifead leachtaitheoirí a iarraidh) ná iarracht chomhoibríoch idir an feidhm Dócmhainneachta agus an feidhm Forfheidhmithe. | 3 |
| Soláthar seirbhísí tacaíochta | Is é an tAonad Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach go príomha as seirbhísí tacaíochta a sholáthar.<br>Tá freagracht ar gach Aonad as cabhrú leis an Aonad Seirbhísí Corparáideacha chun a chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán oibleagáidí OSFC mar Oifig a mhaoinítear go poiblí (m.sh., i réimsí an tsoláthair, na nósanna imeachta imréitigh cánach, nósanna imeachta, srl.). | 4 |
| Bainistíocht agus forbairt caidrimh | Cé go mbeidh méid níos mó idirphlé le páirtithe leasmhara seachtracha áirithe ag Aonaid áirithe ná a bheidh ag aonaid eile, de bhrí chineál a n-oibríochtaí príomha, is amhlaidh nádúr idirnasctha na heagraíochta go bhfuil ról ag gach Aonad i mbainistíocht agus i bhforbairt caidrimh leanúnach. | 2 |

12. Féach ar www.cro.ie le haghaidh tuilleadh eolas faoin Clár.

# 2

# TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS AR DHUALGAS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINEANN FAOIN DLÍ CUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN

# Réamhrá

**Soláthraítear sonraí sa Chaibidil seo faoi na príomhstraitéisí ar bhféachadh an Oifig dóibh, agus na príomhghníomhaíochtaí a rinne an Oifig le linn na bliana faoi athbhreithniú chun an sprioc thuasluaite a chur chun cinn. Go hachomair, áiríodh ar na straitéisí agus ar na gníomhaíochtaí sin:**

- forbairt foilseachán agus ábhar treorach eile;
- páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí for-rochtana lena n-áirítear cuir i láthair a sheachadadh, freastal ar sheimineáir agus ar thaispeántais agus déileáil le fiosrúcháin um dhlí cuideachtaí maidir le raon ceisteanna ó bhaill an phobail;
- feabhsuithe reachtaíochta agus beartais a mholadh; agus
- caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt.

## Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana

### Foilseacháin

I mí Nollag na bliana 2020, d'fhoilsigh an tAonad Tathanta Treoir Aonbhaill a dhaingnigh na seacht leabhrán faisnéise a bhí ar fáil cheana féin. Is foinse aon-stad faisnéise í an Treoir Aonbhaill seo, a thugann an fhaisnéis le chéile faoi phríomhróil agus fhreagrachtaí phríomhpháirtithe leasmhara na cuideachta.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, eisíodh thart ar 1,500 cóip chrua de fhoilseacháin éagsúla na hOSFC, Leabhráin Faisnéise agus Treoracha Tapa den chuid is mó, do pháirtithe leasmhara.

### Seimineáir agus taispeántais

Príomhghné de straitéis tathanta na hOifige is ea a clár for-rochtana. Baineann sé seo, i measc nithe eile, le seachadadh cur i láthair agus urlabhraí chuig grúpaí geallsealbhóirí, chomh maith le freastal ar thaispeántais agus ar imeachtaí inar dhócha go mbeadh fothacair amháin nó níos mó de lucht éisteachta/féachana na hOifige ann. Sainaithin an Oifig roinnt toghcheantair mar a bheith ina lucht féachana/éisteacha sprice, lena n-áirítear:

- daoine a bhfuil corprú á bhreathnú acu nó daoine a chorpraigh cuideachtaí le déanaí;
- comhlachtaí, Oifigí agus Gníomhaireachtaí poiblí;
- gairmithe páirteach i gcomhairle a chur ar fáil do chuideachtaí agus do stiúrthóirí cuideachtaí, atá breá ábalta, de bhua na ngníomhaíochtaí sin, teachtaireacht um chomhlíonadh OSFC a athsheachadadh chuig cliaint agus mar sin lucht féachana/éisteachta na hOifige a mhéadú go mór;
- mic léinn atá cláraithe ar chláir ghnó faoi láthair ar leibhéal fochéime agus iarchéime, tuarfar go mbeidh a lán díobh ina stiúrthóirí cuideachta nó ina gcomhairleoirí gairmiúla iad féin ar deireadh; agus
- an earnáil phobail agus an earnáil dheonach, nach bhfuil eolas chomh forbartha acu de ghnáth, de bharr a gcineáil, mar ghnó ginearálta, ar an dlí cuideachtaí agus, mar thoradh air sin, is gnáth go mbíonn treoir de dhíth orthu ar an dlí cuideachtaí agus ar chúrsaí rialachais chorparáidigh lena mbaineann.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, sholáthair foireann na hOifige 12 cur i láthair (2019: 30) do lucht féachana thart ar 1,000 duine. Dhéileáil go leor de na láithreoireachtaí seo go sonrach le hábhair ar nós ról agus dualgais stiúrthóirí cuideachta agus róil na hOSFC tathanta, dócmhainneachta agus forfheidhmithe.

Rinneadh ionadaíocht don Oifig ag ceithre thaispeántas chomh maith, ar an iomlán, i rith na bliana (2019: 18). Leagtar sonraí amach faoi na cuir i láthair a soláthraíodh agus na taispeántais ar freastalaíodh orthu, faoi seach, i rith na bliana faoi athbhreithniú, ag Aguisín 2.

Ní gan ionadh a raibh tionchar suntasach ag na srianta a tugadh isteach i Márta 2020 mar chuid den fhreagairt sláinte poiblí ar Covid-19 ar chlár imeachtaí na hOSFC. Le linn an chuid eile den bhliain 2020, ghlac an OSFC páirt níos fairsinge in imeachtaí cianda chun a húdarás abhcóideachta a chur chun cinn.

## Caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt

Lena cuspóirí reachtúla agus spriocanna gaolmhara a chur chun cinn, féachann an Oifig le caidrimh láidre agus éifeachtúla a fhorbairt agus a choinneáil le raon príomhpháirtithe leasmhara. Chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, áirítear ar phríomhpháirtithe leasmhara na hOifige an tOireachtas, an tAire, an Roinn, comhlachtaí reachtúla/rialála eile agus iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla do chuideachtaí agus do stiúrthóirí agus oifigigh cuideachtaí. Tá achoimre déanta thíos ar idirghníomhaíochtaí na hOifige le linn na bliana le cuid dá príomhpháirtithe leasmhara.

### Baill den Oireachtas

Déanann baill den Oireachtas, agus/nó ó Choistí arna mbunú ag an Oireachtas, cumarsáid agus uiríll leis an Oifig, ó thráth go chéile. Cuirtear buairt in iúl, de ghnáth, sa chumarsáid seo maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil dlí cuideachta á shárú, baineann siad le cásanna atá á n-athbhreithniú agus/nó iarrataí a bhíonn iontu ar ghníomhartha áirithe a dhéanamh maidir le daoine/aonáin áirithe. Cé go ndéantar breithniú cúramach ar an gcumarsáid agus na huiríll uile siúd – agus a mhéid agus is indéanta, cuirtear gach cúnamh ar fáil do Theachtaí agus Seanadóirí – tá an OSFC go hiomlán neamhspleách ar an gcóras polaitíochta. Mar dhea, téann an OSFC i mbun gníomh ar bith trí thagairt a dhéanamh do na bunfhíricí agus na bunchúinsí, seachas trí thagairt a dhéanamh d’fhoinse an ghearáin.

### An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíocht

Lean foireann na hOifige le hidirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe sa Roinn ar fud na bliana ar chúrsaí leasa choitinn.

### Oifig Clárúcháin Cuideachtaí (“OCC”)

Mar stór poiblí faisnéise ar chuideachtaí agus oifigigh chuideachta, tá ról ríthábhachtach ag an OCC maidir le tacaíocht a thabhairt don Oifig ina gcuid oibre. Chomh maith le teacht le chéile go rialta ar chúrsaí leasa choitinn, soláthraíonn foireann an OCC fianaise go rialta in imeachtaí OSFC agus, nuair a shainaithnítear é, ar sháruithe *prima facie* an dlí cuideachtaí.

### Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ina chomhpháirtí tábhachtach de chuid na hOifige maidir lena hobair a chur ar aghaidh, go háirithe maidir le cúrsaí a bhaineann le dócmhainneacht. Tá Meabhrán Tuisceana ag OSFC agus ag na Coimisinéirí Ioncaim, atá bunaithe ar a reachtaíocht bhunúsach faoi seach, ar chumas gach comhlacht faisnéis a tharchur chuig an comhlacht eile sa chás ina bhfuil siad sásta go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha maidir le sainchúram an eile.

### Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (“BNGSCE”)

Faoi mar a luadh i gCaibidil 1 den Tuarascáil seo, áirítear roinnt Gardaí ar líon foirne na hOifige. Cé gur ábhar do bhainistíocht an Gharda Síochána é, is gnách go leithdháileadh na Gardaí seo ón BNGSCE. Sa chomhthéacs sin, tagann an Oifig le chéile le lucht bainistíochta sinsearaí BNGSCE ar bhonn rialta ar chúrsaí leasa choitinn.

### Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (“ÚMICÉ”)

De réir fhorálacha an Achta, tá an Stiúrthóir ina chomhalta ar ÚMICÉ agus tá an ceart aige dá réir sin comhalta a ainmniú ar a Bhord Stiúrthóirí. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, tháinig téarma ballraíochta an Uasail Conor O’Mahony, Ceann Seirbhísí Dócmhainneachta agus Corparáideacha na hOifige, i gcrích. D’ainmnigh mé an tUasal David Hegarty, Bainisteoir Punainne Forfheidhmithe san OSFC, mar bhall de Bhord Stiúrthóirí ÚMICÉ. Ceapadh an tUasal Hegarty mar bhall Choiste Riosca & Iniúchta an Bhoird freisin. Chomh maith leis an gcaidreamh reachtúil seo mar atá mínithe thuas, bíonn an Oifig i dteagmháil go rialta le IAASA ar ábhair leasa choitinn.

### An Grúpa Athbhreithnithe ar an Dlí Cuideachtaí ("GADC")

Comhlacht comhairleach a bunaíodh go reachtúil is ea an GADC[13] don Aire ar chúrsaí a bhaineann leis an dlí cuideachtaí. Tá an Stiúrthóir ina chomhalta den GADC agus déantar ionadaíocht ar son OSFC ag cruinnithe iomlánacha agus ag cruinnithe Coistí a mbaineann a gcuid oibre lena sainchúram.

- **Dócmhainneacht Chorparáideach**
  - Tá an tUasal O'Mahony agus tUasal Hegarty ina bhall de Choiste Dócmhainneachta Chorparáideach an GADC, atá sé de chúram air athbhreithniú na reachtaíochta ar an foirceannadh cuideachtaí.
- **Rialachas Corparáideach**
  - Tá an tUasal O'Mahony ina bhall den Choiste Rialachais Chorparáidigh, atá sé de chúram air reachtaíocht a bhaineann le saincheisteanna rialachais chorparáidigh a athbhreithniú.
- **Comhlíonadh agus Forfheidhmiú**
  - Tá an Stiúrthóir ina Chathaoirleach ar an bhFo-choiste um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú, atá sé de chúram air gnéithe comhlíonta agus forfheidhmithe reatha de dhlí na gcuideachtaí a scrúdú.

Mar thoradh ar cheisteanna a bhaineann le Covid-19, bhí an GADC an-ghníomhach i rith na bliana faoi athbhreithniú. Thug Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19) 2020 éifeacht do roinnt moltaí a rinne an Grúpa, ina measc forálacha lena gceadaítear cruinnithe fíorúla a thionól, leathnú na spriocdhátaí chun Cruinnithe Ginearálta Bliantúla na gcuideachtaí a thionól agus fadú tréimhse ama na Scrúdaitheoireachta. D'fhoilsigh an Grúpa an Tuairisc ar Struchtúr Dlíthiúil le haghaidh Cuideachtaí Beaga a Tharrtháil chomh maith.

### Grúpa Athbhreithnithe ar Struchtúir in Aghaidh Calaoise agus Caimiléireachta

Bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe seo, a bhfuil an t-iar-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an tUasal James Hamilton, mar chathaoirleach air, mar chuid de phacáiste beart mhí Dheireadh Fómhair 2017 an Rialtais a bhí dírithe ar bharr feabhais a chur ar chumas na hÉireann chun dul i ngleic le coireacht chorparáideach, gheilleagrach agus rialála. Comhaltaí den Ghrúpa iad an Stiúrthóir agus an tUasal David Hegarty. Ghlac an Rialtas le Tuairisc an Ghrúpa Athbhreithnithe, ina raibh 25 moladh agus a d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt i mí na Nollag 2020. Déantar cur síos ar ghnéithe ábhartha den Tuairisc sa chéad Chaibidil eile.

### Banc Ceannais na hÉireann

Chuir OSFC agus an Banc Ceannais Meabhrán Tuisceana ("MT") i bhfeidhm lenar féidir le gach comhlacht, bunaithe ar a reachtaíocht bhunaithe faoi seach, faisnéis a atreorú chuig an gcomhlacht eile sa chás go bhfuil siad sásta go bhfuil baint ag an bhfaisnéis sin le sainchúram an chomhlachta eile.

### Gairm na Cuntasaíochta

Tá ról tábhachtach ag gairm na cuntasaíochta chun cuidiú le hobair na hOifige, trí oibleagáidí tuairiscithe na n-iniúchóirí (a mínítear tuilleadh sa chéad Chaibidil eile) agus tacaíocht níos leithne na gairme do theachtaireacht um chomhlíonadh na hOifige, agus an teachtaireacht sin a chur in iúl. Mar sin, féachann an Oifig le hoibriú go dlúth leis na comhlachtaí cuntasaíochta gairmiúla chun tacú leo lena chinntiú go bhfuil a gcomhaltaí ar an eolas go hiomlán faoina n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla agus iad a chur ar an eolas faoin gcúnamh is féidir leis an Oifig a thabhairt dóibh siúd de chliaint a gcomhaltaí a bhfuil poist acu mar stiúrthóirí agus oifigigh chuideachta.

### An Cumann Idirnáisiúnta Rialtóirí Dócmhainneachta ("CIRD")

Comhlacht idirnáisiúnta is ea CIRD a thugann le chéile taithí agus saineolas comhchoiteann rialtóirí dócmhainneachta náisiúnta ó 26 dlínse ar fud an domhain. Fóram luachmhar is ea CIRD, dá bhfuil an Oifig ina comhaltaí ó 2003, chun idirchaidreamh agus comhar a chur chun cinn idir a chomhaltaí agus chun faisnéis a chomhroinnt i réimsí leasa choitinn agus dea-chleachtais.

13. www.clrg.org

### Gairm an dlí

Bíonn na dlíodóirí san Oifig i dteagmháil go rialta lena gcomhghleacaithe tríd an Líonra um Fhorfheidhmiú Rialála.

### Lucht fóiréinsice digiteach i bhforfheidhmiú an dlí

Bíonn Speisialtóir Fóiréinseach Digiteach na hOifige i dteagmháil go rialta lena chomhghleacaithe trí bhallraíocht a dhéanamh ar líonra de ghairmithe fóiréinseach digiteacha atá ag obair sa réimse rialála/forfheidhmithe dlí.

### Na meáin

Déileálann an Oifig le méid suntasach d’fhiosraithe na meán gach bliain de ghnáth. Cé go bhfuil an Oifig eolach faoin ról tábhachtach a d’fhéadfadh a bheith ag an meáin maidir le díospóireacht ar an dlí cuideachtaí, ceisteanna um chomhlíonadh agus um rialachas go ginearálta a chur in iúl, agus go ndéanann siad a ndícheall nuair is féidir déileáil le fiosruithe ginearálta, ní mór dóibh a bheith an-chúramach chomh maith sa dóigh a ndéanann siad é. Níl cead ag an Oifig faoina reachtaíocht rialaithe trácht poiblí ar bith a dhéanamh maidir le stiúradh imscrúduithe, ach amháin i dtaca le faisnéis atá sa réimse poiblí cheana. Chomh maith leis sin, tá an Oifig eolach faoi chearta daoine aonair agus daoine eile a thagann roimh na Cúirteanna, agus, dá bhrí sin, ní eisíonn sí tuarascálacha um dhul chun cinn nó faisnéis ar bith eile ar a gníomhaíocht forfheidhmiúcháin dá bhféadfadh sé sin dochar a dhéanamh do chaingne dlí amach anseo.